II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2020/619 ÓN GCOMHAIRLE

**an 30 Aibreán 2020**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste Cur Chun Feidhme arna bhunú de bhun Airteagal 18 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam maidir le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste Cur Chun Feidhme a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam maidir le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí ("an Comhaontú") i gcrích trí bhíthin Cinneadh (AE) 2019/854 ón gComhairle ([1]), agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 1 Meitheamh 2019.

(2) Tá an Comhchoiste Cur Chun Feidhme, arna bhunú de bhun Airteagal 18(1) den Chomhaontú ("JIC") chun a rialacha nós imeachta a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 18(3) den Chomhaontú.

(3) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in JIC a bhunú, ós rud é go mbeidh rialacha nós imeachta JIC ina gceangal ar an Aontas.

(4) Is iomchuí don Aontas tacú le glacadh na rialacha nós imeachta, rud a áiritheoidh go mbeidh comhoibriú rianúil agus trédhearcach ann idir an tAontas agus Poblacht Shóisialach Vítneam ón tús maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe agus, faoi dheoidh, maidir le cur chun feidhme na scéime ceadúnúcháin um fhorfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste Cur Chun Feidhme arna bhunú de bhun Airteagal 18 Comhaontú Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam maidir le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí tacú le glacadh rialacha nós imeachta JIC ([2]).

2. Féadfaidh ionadaithe an Aontais, i gcomhairle leis na Ballstáit, mionathruithe neamhshubstainteacha ar na dréachtrialacha nós imeachta atá i gceangal leis an gCinneadh seo a chomhaontú, i bhfianaise forbairtí ag an gcruinniú de chuid JIC atá ar na bacáin, le linn cruinnithe comhordaithe ar an láthair, gan aon chinneadh eile ón gComhairle.

([1]) Cinneadh (AE) 2019/854 ón gComhairle an 15 Aibreán 2019 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam maidir le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí (IO L 147, 5.6.2019, lch. 1).

([2]) Féachaigí doiciméad ST 7027/20 ag http://register.consilium.europa.eu.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta theacht a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Aibreán 2020.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
G. GRLIĆ RADMAN